# Ná lig do strus airgid d’oideachas a chur i mbaol

Cuireann an **Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn** tacaíocht airgid ar fáil do **mhic léinn lán-aimseartha nó páirt-aimseartha** a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu agus iad ag freastal ar institiúidí ardoideachais.



## Cén Úsáid Ar Féidir Liom A Bhaint As?

Cuirtear an **Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn** ar fáil chun cabhair a thabhairt le costais amhail:

- Leabhair & ábhar ranga
- Cíos agus billí fóntais eile
- Bia
- Taisteal atá riachtanach
- Costais cúraim leanaí
- Costais leighis

Spreagtar mic léinn pháirtaimseartha atá ina dtuismitheoirí aonair iarratas a dhéanamh mar go bhfuil cistiú breise curtha ar fáil chun tacaíocht a thabhairt don ghrúpa sin.

## Conas is féidir liom iarratas a dhéanamh?

Má tá tú i gcruachás airgeadais, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an oifig seirbhísí rochtana nó le hoifig seirbhísí na mac léinn i d’institiúid ardoideachais chun tuilleadh eolais a fháil faoin **gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn.**

Tá an Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn á bhainistiú ag an Údarás um Ard-Oideachas thar ceann na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

Féach ar **www.studentfinance.ie**
le haghaidh tuilleadh eolais

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

HEA HIGHER EDUCATION AUTHORITY
AN tÚDARÁS um ARD-OIDEACHAS